

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDU AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

**MATAMAITIC – GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00**


**PÁIPÉAR 2 (300 marc)**

Freagair **CEIST 1** (100 marc) agus **CEITHRE** cheist eile (50 marc an ceann).


**Féadfar marcanna a chailliúint mura dtaispeántar obair riachtanach go soiléir.  
Féadfar Táblaí Matamaitice a fháil ón bhFeitheoir.**

1. (i) Is iad  $65^\circ$  agus  $45^\circ 23'$  na tomhais atá ag dhá uillinn de thriantán. Cad is tomhas den tríú huillinn?


- (ii) Ríomh an luach ar  $x$  sa léaráid.



- (iii) Sa triantán  $abc$  tá  $|ac| = 10$ ,  $|bc| = 8$  agus  $|\angle abc| = 90^\circ$ . Ríomh  $|ab|$ .




- (iv) Is comhthreomharán é  $abcd$ . Tá  $|\angle bcd| = 100^\circ$  agus tá  $|\angle abd| = 50^\circ$ . Ríomh  $|\angle adb|$ .




- (v) Tóg an triantán  $xyz$  ina bhfuil  $|xy| = 5$  cm,  $|\angle xyz| = 50^\circ$  agus  $|yz| = 8$  cm.

- (vi) Is comhthreomharán é  $pqrs$  ina bhfuil na trasnáin ag trasnú a chéile ag uillinn  $90^\circ$ .

Luaigh íomhá an triantáin  $pqr$  faoin siméadracht aiseach i  $pr$ .



- (vii) Trastomhas an chiorcail is ea  $[cb]$  agus pointe ar an gciorcail is ea  $a$ .  
Tá  $|\angle abc| = 63^\circ$ .  
Ríomh  $|\angle acb|$ .




- (viii) Faigh lárphointe na mírlíne a cheanglaíonn na pointí  $(3, 5)$  agus  $(-1, 1)$ .

Foirmle le haghaidh lárphointe:  $\left( \frac{x_1 + x_2}{2}, \frac{y_1 + y_2}{2} \right)$


- (ix) Pointe ar an líne  $3x + 2y = 4$  is ea  $(2, k)$ . Faigh an luach ar  $k$ .
- (x) Tá  $A = 36^\circ 18'$ . Bain feidhm as leabhar na dTáblaí chun  $\cos A + \sin A$  a luacháil.

2. (a) Tá airgead taise de IR£390 ag Léan i gcomhar creidmheasa. Faigh luach an airgid taise i euro. (Glac le  $\text{€}1 = \text{IR£}0.78$ )
- (b) Ceannaítear carr ar IR£6500.
- (i) Cén luach díolta ba chóir a bheith ar an gcarr chun brabús de 30% a ghnóthú?
- (ii) Díoltar an carr ar IR£7800. Faigh an brabús faoin gcéad.
- (c) Tá na toisí 25 m faoi 15 m ag gairdín dronuilleogach. Tá faiche chiorclach, ar gha di 7 m, mar chuid den ghairdín agus tá an chuid eile clúdaithe le gairbhéal.




- (i) Faigh i  $\text{m}^2$  an t-achar atá ag an bhfaiche chiorclach.  
Bíodh  $\pi = \frac{22}{7}$ .
- (ii) Ríomh i  $\text{m}^2$  achar an limistéir atá clúdaithe le gairbhéal.

3. Dhá chomhthreomharán iad  $abcd$  agus  $xdyz$  sa chaoi go bhfuil  $d$  mar lárphointe  $[ay]$  agus  $[cx]$ .



- (i) Ainmnigh dhá mhírlíne atá ar chomhfhad le  $[bc]$ .
- (ii) Faigh íomhá na mírlíne  $[ab]$  faoin aistriú  $\vec{xz}$ .
- (iii) Ainmnigh dhá uillinn atá ar chomhthomhas le  $\angle xdz$ .
- (iv) Faigh íomhá an triantáin  $abd$  faoin siméadracht lárnach sa phointe  $d$ .
- (v) Is é  $12 \text{ cm}^2$  achar an triantáin  $xdy$ . Faigh achar an chomhthreomharáin  $abcd$ .
- (vi) Ainmnigh triantán atá comhionann leis an triantán  $acd$ . Bíodh fáth le do fhreagra.

4. Tá  $[ab]$  ina thrastomhas de chiorcal arb lár  $o$  agus pointe ar an gchiorcal is ea  $c$ .



- (i) Scríobh síos  $|\angle acb|$ .
- (ii) Ainmnigh dhá mhírlíne atá ar chomhfhad le  $[ao]$ .
- (iii) Bíodh  $|\angle oac| = 50^\circ$ . Faigh  $|\angle cob|$ .
- (iv) Is é  $5 \text{ cm}^2$  achar an triantáin  $acb$ . Má tá  $|cb| = 5 \text{ cm}$ , ríomh  $|ac|$ .
- (v) Déan cóip den léaráid agus rianaigh íomhá an triantáin  $aoc$  faoin siméadracht lárnach in  $o$ .

5. Taispeántar an pointe  $p(2, 1)$  sa léaráid.
- (i) Déan cóip den léaráid agus breac an pointe  $q(4,5)$ .
  - (ii) Faigh fána  $pq$ .
  - (iii) Taispeáin go bhfuil  $|pq| = \sqrt{20}$ .
  - (iv) Faigh cothromóid na líne  $pq$ .
  - (v) Trasnaíonn an líne  $pq$  an ais- $y$  ag an bpointe  $k$ . Ríomh comhordanáidí  $k$ .

**Foirmlí:**

Foirmlé le haghaidh fána:  $\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1}$

Cothromóid líne:  $y - y_1 = m(x - x_1)$  nó  $y = mx + c$

Foirmlé le haghaidh faid:  $\sqrt{(x_2 - x_1)^2 + (y_2 - y_1)^2}$

6. (a) Tá  $\sin A = 0.5045$ . Bain feidhm as leabhar na dTáblaí chun  $A$  a fháil.
- (b) Sa triantán  $pqr$  tá  $|\angle prq| = 90^\circ$ ,  
 $|\angle pqr| = 50^\circ 48'$  agus  $|pq| = 20$  m.  
 Ríomh  $|qr|$ , ceart go dtí ionad amháin de dheachúlacha.
- (c) Tá polla ceartingearach 6 m ar airde.  
 Caitheann sé scáth, ar fad dó 5 m, ar thalamh cothrománach.  
 Ríomh, ceart go dtí an chéim is gaire, uillinn airde na gréine.